Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

2022/2139(INI)

10.1.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

maidir le striapachas a rialáil in AE: a impleachtaí trasteorann agus a thionchar ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban
(2022/2139(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir: Maria Noichl

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 8

TAIRISCINT I GCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

maidir le striapachas a rialáil in AE: a impleachtaí trasteorann agus a thionchar ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban
(2022/2139(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint d'Airteagail 4 agus 5 de Dhearbhú Uilechoiteann 1948 Chearta an Duine,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ó 1949 chun an Gháinneáil ar Dhaoine agus chun Dúshaothrú Striapachas Daoine eile a Dhíchur,

– ag féachaint d'Airteagal 6 de Choinbhinsiún 1979 maidir le gach cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), arb é is aidhm dó deireadh a chur le gach cineál gáinneála agus dúshaothraithe ar mhná atá ag gabháil do striapachas,

– ag féachaint do Phrótacal Palermo chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina leith, ar Prótacal é lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus atá ag gabháil leis,

– ag féachaint d'obair Rapóirtéir Speisialta na Náisiún Aontaithe maidir le gáinneáil ar dhaoine, mná agus leanaí go háirithe,

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 maidir le Straitéis AE chun Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025 (COM(2021)0171) agus do Threoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a Cinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle[1] (an Treoir maidir le Frithgháinneáil),

– ag féachaint do rún uaithi an 26 Feabhra 2014 maidir le teacht i dtír gnéasach agus striapachas agus a thionchar ar chomhionannas inscne[2],

– ag féachaint do Mholadh Ginearálta Uimh. 38 (2020) an 20 Samhain 2020 maidir leis an ngáinneáil ar mhná agus ar chailíní i gcomhthéacs na himirce domhanda ó gCoiste um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú.

– ag féachaint don tuarascáil ón Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE) an 10 Meitheamh 2021 dar teideal 'Discouraging the demand that fosters trafficking for the purpose of sexual exploitation' [*An t-éileamh lena gcothaítear gáinneáil chun críche teacht i dtír gnéasach a dhíspreagadh*'],

– ag féachaint do rún uaithi an 10 Feabhra 2021 maidir le cur chun feidhme Threoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na

[1] IO L 101, 15.4.2011, lch. 1.
[2]IO C 285, 29.8.2017, lch. 78.

híospartaigh atá thíos léi a chosaint[3],

– ag féachaint do rún ó Chomhairle na hEorpa an 8 Aibreán 2014 dar teideal ‘Striapachas, gáinneáil agus sclábhaíocht sa lá atá inniu ann san Eoraip’,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-2022),

A. de bhrí go bhfuil striapachas, teacht i dtír, agus gáinneáil chun críche teacht i dtír gnéasach ag dul i méid, de bhrí gur feiniméin inscne-shonracha iad a bhfuil gné dhomhanda ag baint leo agus go bhfuil tionchar acu ar na daoine is imeallaithe inár sochaithe, agus gur mná agus cailíní iad formhór mór na ndaoine atá ag gabháil don striapachas agus gur fir iad beagnach gach ceannaitheoir gnéis;

B. de bhrí gurb í an fhoclaíocht a nglactar léi go hidirnáisiúnta agus a úsáidtear i bhformhór na dtéacsanna atá ceangailteach ó thaobh dlí ná striapachas na mban agus an striapachas;

C. de bhrí go bhfuil éifeachtaí éagsúla ar chomhionannas inscne ag bearta rialála éagsúla a bhaineann le striapachas;

D. de bhrí go bhfulaingníonn mná atá ag gabháil don striapachas níos mó foréigin agus dúshaothraithe ná mná eile ar an meán;

E. de bhrí nach mór sláine fhisiciúil gach duine a áirithiú agus comhionannas agus urraim do chearta na mban a ráthú a bheith i gcroílár bheartais na mBallstát agus AE;

F. de bhrí go bhfuil naisc láidre idir striapachas agus coireacht eagraithe amhail gáinneáil ar dhaoine;

G. de bhrí go bhfuil go leor tosca ina gcúis le daoine tabhairt faoin striapachas, lena n-áirítear bochtaineacht, eisiamh sóisialta agus cúlra imirce;

H. de bhrí go bhfuil impleachtaí trasteorann ag striapachas agus go mbíonn tionchar aige ar chearta na mban agus ar chomhionannas inscne; de bhrí go dtéann éagsúlacht na reachtaíochta maidir le striapachas in AE chun tairbhe do gháinneálaithe agus do líonraí coireachta eagraithe; de bhrí go bhfuil oibleagáid dhlíthiúil ar na Ballstáit uile gáinneáil ar dhaoine agus coireacht eagraithe a dhíspreagadh agus deireadh a chur léi;

Comparáid a dhéanamh idir na Ballstáit

1. á tabhairt dá haire go bhfuil éagsúlacht sna cur chuige maidir le striapachas a rialáil ar fud an Aontais agus go ndírítear ar thrí phríomhghné den chóras sin: daoine a ndéantar striapaigh díobh, ceannach gnéis (i.e. éileamh), agus daoine a chuirtear i mbun striapachais; á chur i bhfáth go bhfuil éifeachtaí éagsúla ag na dlíthe éagsúla ar mhná sa striapachas, ar a gcearta, ar chearta na mban i gcoitinne, ar chomhionannas inscne, ar

[3] IO C 465, 17.11.2021, lch. 30 (

éileamh, ar an tsochaí agus ar thíortha comharsanachta;

2. á chur in iúl gur oth léi an easpa sonraí iontaofa, cruinne agus inchomparáide atá ar fáil sna tíortha;

An fíorscéal sa striapachas

3. ag tabhairt faoi deara go bhfulaingníonn mná atá ag gabháil don striapachas níos mó foréigin ná mná eile ar an meán; ag tagairt do staidéar ó 2019 ó Aireacht na Gearmáine um Ghnóthaí Teaghlaigh, um Sheanóirí, um Mná agus um an Óige, ar dá réir gur fhulaing 41 % de na mná a bhí ag gabháil don striapachas a ndearnadh suirbhé orthu foréigean fisiceach nó gnéasach (nó an dá cheann) i gcomhthéacs an striapachais;

4. á chur i bhfios go láidir torthaí an staidéir sin maidir le taithí na mban i striapachas a ndearnadh mí-úsáid orthu agus iad ina leanaí agus ina n-ógánaigh;

5. á chur i bhfios go láidir nach féidir toiliú a thabhairt gan bhac ach amháin nuair nach bhfuil aon éagothroime chumhachta ann idir na daoine lena mbaineann; ag tabhairt dá haire, ag an am céanna, go bhféadfadh sé a bheith thar a bheith deacair do dhaoine a thuiscint gur íospartaigh iad, go háirithe nuair nach eol dóibh a gcearta, agus á mheabhrú an dinimic a bhaineann le caidreamh mí-úsáideach;

6. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú tagtha ar gach cineál mí-úsáide agus foréigin in aghaidh na mban, lena n-áirítear striapachas, mar gheall ar an meath ar an staid shóisialta agus eacnamaíoch mar thoradh ar phaindéim COVID-19; ag tabhairt rabhadh go ndéanfaidh an ghéarchéim fuinnimh agus costas maireachtála atá ann faoi láthair níos measa fós é sin;

7. á chur i bhfios go láidir gur aithin Parlaimint na hEorpa, ina rún an 26 Feabhra 2014 maidir le teacht i dtír gnéasach agus striapachas agus a thionchar ar chomhionannas inscne, gur sáruithe ar dhínit an duine iad striapachas agus teacht i dtír gnéasach, go sáraíonn siad prionsabail chearta an duine amhail comhionannas inscne agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad contrártha le prionsabail na Cairte um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh; á mheabhrú gur shainigh sí striapachas mar chineál tromchúiseach foréigin agus dúshaothraithe i rún uaithi an 5 Iúil 2022 maidir le bochtaineacht na mban san Eoraip[4];

An tionchar imrítear ar na mná a bhíonn ag gabháil don striapachas

8. ag cáineadh go bhfuil easpa slándála dlíthiúla ag mná atá ag gabháil don striapachas mar gheall ar a gcoiriúlú, rud a chiallaíonn go mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar bhagairt leanúnach na bpóilíní agus na géarleanúna breithiúnaí, go bhfuil siad faoi réir leochaileachta agus stiogmataithe breise a mbíonn tionchar diúltach acu ar a sláinte, agus dá bhrí sin go mbíonn deacrachtaí acu teagmháil a dhéanamh le seirbhísí tacaíochta agus easpa rochtana ar chearta bunúsacha; á chur in iúl gur saoth léi, ag an am céanna, gur minic nach ngearrtar pionós ar chliaint, saoiste druthlainne ná gáinneálaithe ar dhaoine;

[4]Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0274.

9. á chur i bhfios na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le díchoiriúlú daoine a bheith á gcur i mbun an striapachais agus díchóiriúlú ceannaigh gnéis, as a n-eascraíonn, trí normalú sochaíoch na ngníomhaíochtaí sin is cosúil, méadú ar an ngáinneáil ar dhaoine le haghaidh teacht i dtír gnéasach agus lena gceiltear réaltacht an chomhéigin, na hionramhála, an fhoréigin agus an dúshaothraithe sa striapachas, i gcás ina mbaintear úsáid as easpa scileanna teanga, leochaileachtaí agus dálaí neamhbhuana chun go rachaidh mná de bheith ag gabháil don striapachas agus chun go bhfanfaidh de bheith ag gabháil don striapachas; á chur in iúl gur oth léi nach ionann an striapachas, daoine a bheith á gcur i mbun an striapachais agus ceannach gnéis a dhlisteanú agus deireadh a chur leis an stiogma do mhná atá ag gabháil don striapachas;

10. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil méadú ag teacht ar líon na dtíortha atá ag glacadh leis an tsamhail Nordach/Comhionannais agus á cur chun feidhme; ag tacú le cúlra feimineach na samhla sin agus a sprioc comhionannas inscne a bhaint amach, agus á thabhairt chun suntais éifeachtaí dearfacha na samhla ar chearta daoine atá ag gabháil don striapachas agus ar an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar dhaoine;

Éileamh

11. ag tabhairt dá haire nach bhfuil striapachas agus gáinneáil ar mhaithe le teacht i dtír gnéasach ann ach amháin toisc go bhfuil éileamh orthu;

12. ag tabhairt dá haire go méadaíonn díchoiriúlú daoine a bheith á gcur i mbun an striapachais agus ceannach gnéis an t-éileamh, go dtugtar cumhacht do thaobh an éilimh agus go ndéantar ceannachán gnéis a normalú; á chur i bhfios go láidir go bhfuil stiogmatú daoine, go háirithe mná, atá gabháil don striapachas fós ann;

Tionchar ar gháinneáil ar dhaoine le haghaidh teacht i dtír gnéasach

13. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go gcuireann dlisteanú an striapachais struchtúir dhlíthiúla chun cinn ar féidir le gáinneálaithe dul i muinín;

14. a chur i bhfáth go bhfuil méadú ag teacht ar an ngáinneáil ar dhaoine chun críche teacht i dtír gnéasach mar gheall ar éileamh ard; á chur i bhfios go bhfuil sé sin le feiceáil go háirithe i dtíortha a bhfuil samhail rialála liobrálach acu, agus nach margaí móra don gháinneáil ar dhaoine iad tíortha a leanann cineálacha cur chuige amhail an tsamhail Nordach/Comhionannais;

Tionchar trasteorann

15. ag tabhairt dá haire go bhfuil éifeachtaí éagsúla ag na cineálacha éagsúla cur chuige maidir le rialáil in AE agus go bhfuil cearta agus cosaintí éagsúla ag mná i striapachas i mBallstáit éagsúla AE; á chur i bhfios go láidir, ar an meán, gur mná imirceacha iad 70 % de na daoine atá ag gabháil don striapachas in AE agus go mbíonn tionchar ag gáinneáil chun críche teacht i dtír gnéasach ar mhná agus ar chailíní atá ag teacht ó oirthear an Aontais Eorpaigh den chuid is mó;

16. á chur i bhfáth go gciallaíonn na rialacha éagsúla go bhfuil níos mó íospartach den gháinneáil ar dhaoine ag roinnt Ballstát AE agus go gcabhraíonn saorghluaiseacht laistigh den Aontas le daoine a bhogadh ó mhargadh amháin go dtí an chéad mhargadh

eile;

Tionchar ar chomhionannas inscne agus ar chearta na mban

17. ag cur béim ar an bhfíoras go léiríonn agus go ndéanann nádúr inscne-shonrach an striapachais an caidreamh cumhachta atá i réim a léiriú agus a mhacasamhlú; á chur i bhfáth go bhfuil striapachas agus teacht i dtír gnéasach ina gcúis agus ina iarmhairt ar chóir neamh-chomhionann a dhéanamh idir mhná agus d'fhir agus go ndéanann siad steiréitíopaí faoi mhná agus faoi fhir a mhacasamhlú agus a bhuanú;

18. á chur i bhfáth go bhfuil éifeachtaí éagsúla ag bearta rialála éagsúla ar fhir, ar dhaoine óga agus ar an tsochaí ina hiomláine;

Ról na mBallstát agus an Aontais

19. á chur i bhfios go láidir go bhfuil oibleagáid ar na Ballstáit cearta agus sláine fhisiciúil na mban a chosaint agus comhionannas inscne a chur chun cinn, agus á thabhairt chun suntais ról AE maidir leis sin a dhéanamh laistigh den chomhphobal idirnáisiúnta agus maidir le cosaint chomhionann agus cearta comhionanna a chruthú ar fud na mBallstát;

20. á iarraidh ar na Ballstáit gníomhaíocht a dhéanamh i réimsí a bhaineann le cosc, díchoiriúlú daoine atá ag gabháil don striapachas, cláir scoir, laghdú éilimh, pionósú cliant, dístiogmatú agus deireadh a chur le steiréitíopaí; á iarraidh ar na Ballstáit an t-éileamh a laghdú agus mná agus a gcearta á gcosaint ag an am céanna, deireadh a chur le coiriúlú agus stiogmatú daoine atá ag gabháil don striapachas agus straitéisí scoir agus rochtain neamhchoinníollach ar chórais slándála sóisialta agus ath-lánpháirtiú a áirithiú;

21. á iarraidh ar na Ballstáit a áirithiú go mbeidh sé inphionóis mar chion coiriúil gníomh gnéasach a shireadh, a ghlacadh nó a fháil ó dhuine, mar mhalairt ar luach saothair, ar ghealltanas luach saothair, ar shochar comhchineáil a sholáthar nó ar ghealltanas an tsochair sin;

22. á iarraidh ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun cúiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha an striapachais a chomhrac ionas nach mbeidh mná i mbéal na bochtaineachta, an eisiaimh shóisialta, idirdhealaithe agus imirce ina n-íospartaigh den chineál seo dúshaothraithe;

23. á iarraidh go mbeadh bearta sonracha ann chun cabhrú le mná atá ag gabháil don striapachas lena n-athimeascadh sóisialta agus gairmiúil; á iarraidh go n-oibreoidh cláir scoir den sórt sin de réir a chéile, go dtabharfar tacaíocht do mhná ar a gconair phearsanta agus go n-aithneofaí an acmhainneacht atá ag daoine, agus go ndéanfaí cláir oiliúna gairmiúla agus cláir bhreisoideachais a oiriúnú chun an méid sin a chur san áireamh;

24. á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht chuimsitheach shíceolaíoch, leighis agus shocheacnamaíoch d'íospartaigh agus do mharthanóirí;

°

° °

25. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Tá an díospóireacht maidir le saincheist an striapachais agus a rialáil ar siúl faoi láthair i roinnt mhaith Ballstát agus ar fud an domhain. Mar thoradh ar na rialacháin, atá éagsúil ó Bhallstát go Ballstát, tá réaltachtaí éagsúla ann do dhaoine atá ag gabháil don striapachas agus bíonn tionchar acu ar dhaoine atá ag gabháil don striapachas, rud a chruthaíonn díomá agus nach dtugann ceartas dóibh ná dá staideanna aonair.

Pléitear an topaic, nach dtéann i bhfeidhm i bprionsabal ach ar roinnt daoine sa tsochaí go díreach, go mothúchánach, uaireanta fiú gan staonadh. Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar striapachas, ar dhúshaothrú agus ar gháinneáil ar mhaithe leis an teacht i dtír gnéasach, ar feiniméin inscne-shonracha agus dhomhanda iad, rud a imríonn tionchar ar na daoine is mó a ndéantar idirdhealú orthu inár sochaithe, ní mór dúinn a chinntiú go bhfuil cearta na mban i gcroílár an phlé seo. Ina theannta sin, ní mór dúinn an méid seo a leanas a aithint: is iad na mná agus na cailíní is leochailí sa tsochaí atá ag gabháil don striapachas — ar fud an domhain. Ina theannta sin, tá a fhios againn nach bhfuil na daoine is imeallaithe atá ag gabháil don striapachas mar gur sin atá uathu ach go minic mar gheall nach bhfuil roghanna eile acu i sochaí chaipitlithe agus phatrarcach. Leis an normalú dealraitheach ar an striapachasatá ag tarlú i roinnt mhaith Ballstát, tá an comhéigean, an ionramháil, an foréigean agus an dúshaothrú á gceilt. Ceileann sé go láidir go bhfuil easpa scileanna teanga, cásanna forbhásacha, bochtaineacht agus eisiamh sóisialta á úsáid chun mná a thabhairt chun striapachais chun rochtain na bhfear ar mhná a chinntiú. Fuair staidéar inar cuireadh ceisteanna faoi bhráid cliaint striapach sa Ghearmáin amach go bhfuil a fhios ag an gcuid is mó de na ceannaitheoirí gnéis nach bhfuil mná atá ag gabháil don striapachas saor ná nach bhfuil siad toilteanach a bheith ag tabhairt faoi. Thairis sin, taispeánann sé go nglacann siad leis seo, is fearr leo a bheith caoch ar staid na mban sin nó go dtugann sé mothú níos láidre cumhachta dóibh fiú.

Is cineál foréigin é an striapachas agus is cúis é le neamhionannas inscne agus is iarmhairt freisin é ar an neamhionannas inscne. Léiríonn nádúr inscne-shonrach an striapachais an caidreamh cumhachta atá i réim inár sochaí. Méadaíonn agus cuireann an striapachas leis na steiréitíopaí faoi mhná agus fir. Áirítear leis sin go soiléir an tuairim nach mór do mhná agus cailíní a bheith ar díol chun éileamh na bhfear ar ghnéas a shásamh, agus an tuairim ní hamháin nach mór d'fhir a ngéasacht a bheochan le duine eile ach go bhfuil an ceart sin acu. Tá tionchar soiléir aige sin freisin ar chomhionannas inscne agus ar fhíorú breise chearta na mban.

Tá impleachtaí trasteorann ag an striapachas freisin do mhná, dá gcearta agus dá gcomhionannas inscne agus, dá bhrí sin, ní mór dul i ngleic leo ar bhonn comhchoiteann ar an leibhéal Eorpach chun a áirithiú go mbeidh na cearta agus an chosaint chéanna ag mná i ngach áit. Toisc go léiríonn figiúirí dúinn go bhfuil mná atá ag gabháil don striapachas níos mó i mbaol ná riamh ag an bhforéigean agus ag an dúshaothrú. Tá a staid sláinte thar a bheith forbhásach i gcomparáid leis an gcuid eile den daonra. Cuireann a stiogmatú, a mhaireann cibé an bhfuil striapachas dleathach nó nach bhfuil, leis seo freisin. Is an taobh ceannaigh de atá dístiogmataithe chomh maith le brabús a bhaint ó dhuine eile a bheith ag gabháil don striapachas. Mar sin féin, tá daoine atá ag gabháil don striapachas fós imeallaithe agus stiogmataithe. Ina theannta sin, cuirtear bac ar rochtain ar a gcearta bunúsacha.

Tá roinnt nasc ann freisin idir striapachas agus coireacht eagraithe, amhail gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar dhrugaí, etc. Tá a fhios againn go n-éascaítear agus go spreagtar gáinneáil ar mhná leochaileacha agus ar mhionaoisigh le haghaidh teacht i dtír gnéasach i dtíortha ina bhfuil daoine a bheith á gcur i mbun an striapachais agus ceannach gnéis díchoiriúlaithe agus ina bhfuil an bonneagar dlíthiúil gaolmhar.

Tá cur chuige uile-Eorpach de dhíth orainn ionas nach n-aistreoidh an t-éileamh agus an margadh le haghaidh striapachais go dtí an chéad Bhallstát eile agus gur féidir cearta na mban a dhaingniú thar theorainneacha agus gur féidir gach bean a chosaint ar dhúshaothrú.

Ní féidir le coiriúlú daoine atá ag gabháil don striapachas a bheith ina réiteach. Ní bhíonn de thoradh air sin ach easpa slándála dlíthiúla, le bagairt leanúnach ionchúiseamh na bpóilíní agus na cúirte, leochaileacht agus stiogmatú breise agus éifeachtaí diúltacha ar shláinte agus ar shábháilteacht, chomh maith leis an deacracht a bhaineann le dul i dteagmháil le seirbhísí tacaíochta agus easpa rochtana ar chearta bunúsacha do dhaoine atá ag gabháil don striapachas. Dá bhrí sin, tá sé thar am go ndéanfaidh na Ballstáit bearta i réimsí a bhaineann le cosc, díchoiriúlú daoine atá ag gabháil don striapachas, agus ag an am céanna tacú le cláir scoir agus ath-lánpháirtithe, dístiogmatú agus laghdú steiréitíopaí agus nach ndéanfaidh siad maolú ó phionós a ghearradh ar chliaint. Ós rud é gurb é an t-éileamh atá orthu sa deireadh thiar thall is bunús leis an dúshaothrú atá ag tarlú i réimse an striapachais. Déanann an t-éileamh trádáil i mná tarraingteach. Baineann an t-éileamh úsáid as leochaileachtaí daoine agus as easpa roghanna eile. De bharr an éilimh seo déantar córas neamhionannais agus dúshaothraithe a dhlisteanú ina bhfuil mná agus leanaí mar phríomhíospartaigh.

Is é an feimineachas an comhrac i gcoinne córais, i gcoinne na patrarcachta. Is cúis agóide í an comhrac seo i gcónaí. Ós rud é nach bhfuil aon agóid den sórt sin ann i gcás dlisteanú daoine a bheith á gcur i mbun striapachais ná ceannach gnéis, ba cheart go mbeadh sé ina ábhar machnamh dúinn.